

TG4

Cód Iompair Gnó do Stiúrthóirí

Rún agus Scóip

Is riachtanas de chuid na Roinne Airgeadais é go nglacfaidh gach eagraíocht Státmhaoinithe le Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí Boird agus don Fhoireann. Leagann an Cód creat cleachtas gnó amach le gur féidir na caighdeáin is airde is féidir a sheachadadh do gheallsealbhóirí agus do chliaint Theilifís na Gaeilge (TG4).

Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar an gCód seo de réir mar a theastóidh sin chun athruithe sna próisis agus sna nósanna imeachta ó thaobh cinnteoireachta laistigh den Bhord a léiriú agus/nó de réir mar a athróidh an timpeallacht rialála.

Cuspóirí

Rachaidh TG4 i mbun a cuid gníomhaíochtaí agus na prionsabail seo a leanas á léiriú go leanúnach aici:

1. Ionracas, trédhearcacht agus gairmiúlacht ina cuid idirbhearta ar fad
2. Cothroime, comhleanúnachas agus ionracas ina cuid seirbhíse chuig tionscal na scannán agus na teilifíse
3. Meas, cúirtéis, rúndacht agus muinín ina cuid idirghníomhaíochtaí pearsanta ar fad
4. Smaointeoireacht fhorghníomhach agus smaointeoireacht chun cinn agus í ag comhlíonadh a cuid dualgas
5. Creideamh, mórtas agus paisean maidir le teilifís trí mheán na Gaeilge
6. Tiomantas do chomhionannas agus d'íolrachas maidir le hinscne, gnéasacht, cine, creideamh, aois, míchumas nó a bheith mar dhuine den Lucht Siúil.

Beidh Stiúrthóirí TG4 aireach ar na prionsabail thuasluaite i ngach gné dá gcuid oibre chun ardchaighdeán ó thaobh cleachtas eiticíúil a chinntiú.

Déanfaidh TG4 sár-iarracht a chinntiú go ndéanfar idirbhearta airgeadais a dhoiciméadú agus a rialú chuig an leibhéal is airde is féidir de réir na nAchtanna Craolacháin, an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, an Achta um Shaoráil Faisnéise, an Achta um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí .

Prionsabail Ghinearálta

1. *Ionracas*

- nochtóidh Stiúrthóirí leasanna fostaíochta/gnó lasmuigh a bheadh i gcoinbhleacht, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le gnó an chomhlachta (féach *Coinbhleacht Leasa*);
- níor chóir go mbeadh cead ag an mbainistíocht nó ag fostaithe baint a bheith acu le leasanna fostaíochta/gnó (íochta nó neamhíochta) lasmuigh a bheadh i gcoinbhleacht, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le gnó an chomhlachta;
- i gcás comhaltaí foirne a bheadh ag smaoineamh ar dhul i mbun gníomhaíochtaí lasmuigh, ní mór dóibh dul i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir i scríbhinn ar dtús;
- geallann an Cathaoirleach go mbreithneoidh sé saincheisteanna coinbhleachta leasa Chomhaltaí Boird nach mbaineann le tionscadail faoi leith a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Áirítear ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn cuirí chun dul ar Bhoird, cuirí chuig imeachtaí, rannpháirtíocht i dtionscadail, i ngníomhaíochtaí nó in imeachtaí faoi leith.
- seachnófar bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, bearta fabhair nó sochair a thabhairt nó a fháil, rudaí a bhféadfadh éifeacht a bheith acu nó a dhealródh éifeacht a bheith acu ar chumas an bhronntóra nó an fhaighteora breithiúnas neamhspleách a dhéanamh maidir le hidirbhearta gnó;
- gealltar dul i mbun iomaíochta le neart agus le fuinneamh ach go heiticiúil agus go hionraic freisin;
- stiúradh gníomhaíochtaí ceannaigh earraí/seirbhísí a dhéanamh de réir na dTreoirínte Soláthair Phoiblí;
- cinnteofar go léireoidh cuntais/tuarascálacha TG4 a feidhmíocht gnó go cruinn agus nach mbeadh siad míthreorach nó nach mbeidh siad leagtha amach le bheith míthreorach;
- seachnófar úsáid acmhainní nó am TG4 ar mhaithe le leas pearsanta, ar mhaithe le leas daoine/eagraíochtaí nach bhfuil baint acu le TG4 nó lena gníomhaíochtaí, nó ar mhaithe le leas iomaitheoirí agus
- gealltar gan faisnéis nó rúin ghnó a fháil amach ar mhodh míchuí.

2. Rialacha maidir le Coinbhleacht Leasa

2.1 Maidir le Tionscadail agus le Comhaltaí Boird ach go háirithe

Sa chás go mbeidh baint ag comhalta boird nó duine a bhfuil baint aige leis (duine gaolmhar nó comhpháirtí gnó) le tionscadal, beidh coinbhleacht leasa i gceist. Beidh bac ar an gcomhalta Boird cáipéisíocht ar bith a fháil maidir le breithniúcháin agus leis an gcinneadh. Déanfar nóta den choinbhleacht leasa sna miontuairiscí.

2.2 Maidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Ag teacht leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, comhlánann Stiúrthóirí Ainmnithe (Cathaoirleach agus Comhaltaí Boird) agus Poist Ainmnithe (Ard-Stiúrthóir agus bainisteoirí sinseareacha) Ráitis Leasanna Bliantúla nó Ráitis Gan aon Leasanna don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

3. Faisnéis

- Oibríonn Stiúrthóirí, bainistíocht agus fostaithe TG4 ar shlí atá oscailte agus a chuireann lena cuntasacht don phobal i gcoitinne agus iad ag tabhairt aird ar an ngá atá le rúndacht iomlán ó thaobh faisnéise atá luachmhar ó thaobh na tráchtála agus leis an ngnáthrúndacht a bhaineann le himeachtaí boird agus le cainteanna ar shaincheisteanna lena n-áirítear, ach ní hamháin, pleananna don todhchaí, faisnéis phearsanta agus faisnéis a fhaigheann an comhlacht poiblí faoi rún .
- Comhlíonann TG4 forálacha reachtúla ábhartha (m.sh. reachtaíocht faoi chosaint sonraí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997).
- Tá omós ag TG4 do rúndacht fhaisnéis leochaileach a bhíonn ina seilbh agus tá sí tiomanta nósanna imeachta comhchomhairle a chomhlíonadh roimh ré le tríú páirtithe sa chás, go heisceachtúil, go mbeadh sé i gceist faisnéis leochaileach a nochtadh ar leas an phobail.

5. Oibleagáidí

Tá TG4 tiomanta na hoibleagáidí rialála agus reachtúla ar fad a fhorchuirtear ar chomhlacht Stáit a chomhlíonadh, agus déanann sí sár-iarracht

- cloí le nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh, chomh maith le cloí le leibhéil údaráis fhorordaithe, maidir le haon chaiteachas ábhartha a cheadú;
- rialuithe a thabhairt isteach chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha lena chinntiú go gcloifear le nósanna imeachta forordaithe maidir le costais do thaisteal gnó a éileamh;
- a chinntiú go ndéanfaidh Stiúrthóirí iarracht réasúnach freastal ar gach cruinniú Boird;

6. Dílseacht

- Aithníonn comhaltaí Boird/Stiúrthóirí an fhreagracht atá orthu a bheith dílis do TG4 agus a bheith tiomanta go hiomlán ina cuid gníomhaíochtaí gnó ar fad, agus
- Aithnítear an dualgas atá ar gach duine cloí leis na caighdeáin eitice gnó is airde.

2. Cothroime

Tá TG4 tiomanta

- cloí le reachtaíocht maidir le comhionannas fostaíochta agus le stádas comhionann ;
- a bheith cothrom ina déileálacha gnó; agus
- omós a bheith do chustaiméirí agus caitheamh go comhionann le gach custaiméir .

3. Timpeallacht Oibre/Lasmuigh

Déanfaidh TG4 an méid seo a leanas

- an tosaíocht is airde a thabhairt do shláinte agus do shábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú;
- a chinntiú go mbreithneofar go hiomlán ábhair imní an phobail; agus
- aon droch-thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibríochtaí ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

9. Athbhreithniú

- Déanfaidh TG4 athbhreithniú ar a Cód Iompair Ghnó de réir mar is cuí

Dáta; 21 Nollaig 2009

TG4

Cód Iompair Gnó don Fhoireann

Rún agus Scóip

Is riachtanas de chuid na Roinne Airgeadais é go nglacfaidh gach eagraíocht Státmhaoinithe le Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí Boird agus don Fhoireann. Leagann an Cód creat cleachtas gnó amach le gur féidir na caighdeáin is airde is féidir a sheachadadh do gheallsealbhóirí agus do chliaint Theilifís na Gaeilge (TG4). Oibríonn Foireann TG4 faoi fhorálacha a gConarthaí Fostaíochta agus cloíonn siad leis na Polasaithe don Áit Oibre agus leis na Cóid Chleachtas atá leagtha amach sa Lámhleabhar d'Fhostaithe a eisítear do gach comhalta Foirne de chuid TG4 nuair a thosaíonn a gcuid fostaíochta agus a thugtar cothrom le dáta go rialta. .

Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar an gCód seo de réir mar a theastóidh sin chun athruithe sna próisis agus sna nósanna imeachta ó thaobh cinnteoireachta laistigh den Bhord a léiriú agus/nó de réir mar a athróidh an timpeallacht rialála.

Cuspóirí

Rachaidh TG4 i mbun a cuid gníomhaíochtaí agus na prionsabail seo a leanas á léiriú go leanúnach aici:

1. Ionracas, trédhearcacht agus gairmiúlacht ina cuid idirbhearta ar fad
2. Cothroime, comhleanúnachas agus ionracas ina cuid seirbhíse chuig tionscal na scannán agus na teilifíse
3. Meas, cúirtéis, rúndacht agus muinín ina cuid idirghníomhaíochtaí pearsanta ar fad
4. Smaointeoireacht fhorghníomhach agus smaointeoireacht chun cinn agus í ag comhlíonadh a cuid dualgas
5. Creideamh, mórtas agus paisean maidir le teilifís trí mheán na Gaeilge
6. Tiomantas do chomhionannas agus d'íolrachas maidir le hinscne, gnéasacht, cine, creideamh, aois, míchumas nó a bheith mar dhuine den Lucht Siúil.

Beidh Foireann TG4 aireach ar na prionsabail thuasluaite i ngach gné dá gcuid oibre chun ardchaighdeán ó thaobh cleachtas eiticiúil a chinntiú.

Déanfaidh TG4 sár-iarracht a chinntiú go ndéanfar idirbhearta airgeadais a dhoiciméadú agus a rialú chuig an leibhéal is airde is féidir de réir na nAchtanna Craolacháin, an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, an Achta um Shaoráil Faisnéise, an Achta um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí .

Prionsabail Ghinearálta

1. *Ionracas*

- nochtóidh comhaltaí ar an bhFoireann leasanna fostaíochta/gnó lasmuigh a bheadh i gcoinbhleacht, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le gnó an chomhlachta (féach *Coinbhleacht Leasa*);
- níor chóir go mbeadh cead ag an mbainistíocht nó ag fostaithe baint a bheith acu le leasanna fostaíochta/gnó (íochta nó neamhíochta) lasmuigh a bheadh i gcoinbhleacht, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le gnó an chomhlachta;
- i gcás comhaltaí foirne a bheadh ag smaoineamh ar dhul i mbun gníomhaíochtaí lasmuigh, ní mór dóibh dul i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir i scríbhinn ar dtús;
- seachnófar bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, bearta fabhair nó sochair a thabhairt nó a fháil, rudaí a bhféadfadh éifeacht a bheith acu nó a dhealródh éifeacht a bheith acu ar chumas an bhronntóra nó an fhaighteora breithiúnas neamhspleách a dhéanamh maidir le hidirbhearta gnó;
- gealltar dul i mbun iomaíochta le neart agus le fuinneamh ach go heiticiúil agus go hionraic freisin;
- stiúradh gníomhaíochtaí ceannaigh earraí/seirbhísí a dhéanamh de réir na dTreoirínte Soláthair Phoiblí ;
- cinnteofar go léireoidh cuntais/tuarascálacha TG4 a feidhmíocht gnó go cruinn agus nach mbeadh siad míthreorach nó nach mbeidh siad leagtha amach le bheith míthreorach ;
- seachnófar úsáid acmhainní nó am TG4 ar mhaithe le leas pearsanta, ar mhaithe le leas daoine/eagraíochtaí nach bhfuil baint acu le TG4 nó lena gníomhaíochtaí, nó ar mhaithe le leas iomaitheoirí agus
- gealltar gan faisnéis nó rúin ghnó a fháil amach ar mhodh míchuí .

2. Rialacha maidir le Coinbhleacht Leasa

2.1 Maidir le Tionscadail agus le Comhaltaí Foirne ach go háirithe

Sa chás go mbeidh baint ag comhalta foirne nó duine a bhfuil baint aige leis (duine gaolmhar nó comhpháirtí gnó) le tionscadal, beidh coinbhleacht leasa i gceist. Beidh bac ar an gcomhalta foirne cáipéisíocht ar bith a fháil maidir le breithniúcháin agus leis an gcinneadh. Déanfar nóta den choinbhleacht leasa sna miontuairiscí.

2.2 Maidir leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Ag teacht leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, comhlánann Poist Ainmnithe (Ard-Stiúrthóir agus bainisteoirí sinseareacha) Ráitis Leasanna Bliantúla nó Ráitis Gan aon Leasanna don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

3. Faisnéis

- Oibríonn bainistíocht agus fostaithe TG4 ar shlí atá oscailte agus a chuireann lena cuntasacht don phobal i gcoitinne agus iad ag tabhairt aird ar an ngá atá le rúndacht iomlán ó thaobh faisnéise atá luachmhar ó thaobh na tráchtála.
- Comhlíonann TG4 forálacha reachtúla ábhartha (m.sh. reachtaíocht faoi chosaint sonraí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997).
- Tá omós ag TG4 do rúndacht fhaisnéis leochailleach a bhíonn ina seilbh agus tá sí tiomanta nósanna imeachta comhchomhairle a chomhlíonadh roimh ré le tríú páirtithe sa chás, go heisceachtúil, go mbeadh sé i gceist faisnéis leochaileach a nochtadh ar leas an phobail.

5. Oibleagáidí

Tá TG4 tiomanta na hoibleagáidí rialála agus reachtúla ar fad a fhorchuirtear ar chomhlacht Stáit a chomhlíonadh, agus déanann sí sár-iarracht

- cloí le nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh, chomh maith le cloí le leibhéil údaráis fhorordaithe, maidir le haon chaiteachas ábhartha a cheadú;
- rialuithe a thabhairt isteach chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe leordhóthanacha lena chinntiú go gcloífear le nósanna imeachta forordaithe maidir le costais do thaisteal gnó a éileamh;

6. Dílseacht

- Aithníonn comhaltaí na Foirne an fhreagracht atá orthu a bheith dílis do TG4 agus a bheith tiomanta go hiomlán ina cuid gníomhaíochtaí gnó ar fad, agus
- Aithnítear an dualgas atá ar gach duine cloí leis na caighdeáin eitice gnó is airde.

7. Cothroime

Tá TG4 tiomanta

- cloí le reachtaíocht maidir le comhionannas fostaíochta agus le stádas comhionann ;
- a bheith cothrom ina déileálacha gnó; agus
- omós a bheith do chustaiméirí agus caitheamh go comhionann le gach custaiméir.

8. Timpeallacht Oibre/Lasmuigh

Déanfaidh TG4 an méid seo a leanas

- an tosaíocht is airde a thabhairt do shláinte agus do shábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú ;
- a chinntiú go mbreithneofar go hiomlán ábhair imní an phobail; agus
- aon droch-thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibríochtaí ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

9. Athbhreithniú

- Déanfaidh TG4 athbhreithniú ar a Cód Iompair Ghnó de réir mar is cuí

Dáta; 21 Nollaig 2009